



Damáiste do Séadchomharthaí

(Ráiteas Príobháideachais)

Is í an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an Roinn Rialtais atá freagrach as tithíocht agus uisce, as pleanáil fhisiciúil agus spásúlachta, as rialtas áitiúil, as réamhaisnéis na haimsire agus as oidhrecht thógtha agus nádúrtha.

Tá an Roinn tiomanta do do phríobháideachas a chosaint agus a urramú. Míníonn an ráiteas príobháideachais conas a phróiseálfaidh an Roinn, mar an Rialaitheoir Sonraí, na sonraí pearsanta a tugadh dó maidir le tuairiscí maidir le haon bhagairt/damáiste a bhaineann le séadchomhartha taifeadta; conas a úsáidfear an fhaisnéis sin, agus cé na cearta is féidir leat a fheidhmiú maidir le do shonraí pearsanta. Le feidhmeanna na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus í ag próiseáil sonraí pearsanta chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, is údarás inniúil* í chun críche Cuid 5 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018.

Catagóirí sonraí pearsanta

Próiseálann an Roinn na sonraí pearsanta seo a leanas maidir le tuairiscí maidir le damáiste do shéadchomhartha taifeadta ar thalamh feirme:

- Aon sonraí pearsanta a chur an duine nó an eagraíocht atá ag tuairisciú an bhagairt / damáiste féideartha ar fáil.
- Ainm agus sonraí teagmhála mar a thaispeántar ar LandDirect.ie. iad ionas go bhfreagraíonn siad d'úinéir talaimh na bagartha / damáiste tuairiscithe.

*** Ciallaíonn údarás inniúil:**

- Údarás poiblí inniúil do chosc, fiosrúchán, brath nó ionchúiseamh cionta coiriúla nó cur i bhfeidhm pionóis choiriúla an Stáit, lena n-áirítear cosaint i gcoinne, agus cosc ar, bhagairtí ar shlándáil phoiblí, nó
- aon chomhlacht eile nó aonán ceadaithe ag an dlí chun údarás poiblí agus cumhachtaí poiblí a chur i bhfeidhm chun críocha cionta coiriúla a chosc, a fhiosrú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó pionóis choiriúla an Stáit a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear cosaint i gcoinne, agus cosc ar, bhagairtí do shlándáil phoiblí.

Foinse na sonraí pearsanta

Chuir daoine/comhlachtaí difriúla do shonraí pearsanta ar fáil don Roinn i.e. tuairiscí ó bhail an phobail, na hÚdaráis Áitiúla, An Garda Síochána agus níos mó. Baineann an Roinn úsáid as LandDirect.ie chun ainm agus sonraí teagmhála an úinéara talaimh a fháil freisin.

Cuspóirí na próiseála

Úsáidfidh an Roinn an t-eolas a cuireadh ar fáil di chun fiosrú a dhéanamh ar agus freagairt a thabhairt ar thuairiscí a bhaineann le damáiste féideartha do shéadchomharthaí i gcomhréir le feidhmeanna fhorfheidhmiú an dlí a chomhlíonann sí faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930-2004. Úsáidfidh an Roinn an t-eolas a cuireadh ar fáil chun sonraí a roinnt leis an Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara, chun críocha tras-chomhlíonta maidir le damáiste do séadchomharthaí ar thalamh feirme.

Próifíliú

Ní úsáidfidh an Roinn aon sonraí pearsanta faighte nó bailithe maidir le tuairiscí damáiste do shéadchomharthaí taifeadta ar mhaithe le cinnteoireacht uathoibríthe, nó chun críocha próifílithe.

Dlíthiúlacht na próiseála

I gcás go bhfuil an Roinn ag próiseáil do shonraí pearsanta chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, is é an bunús dlí Alt 70(1)(a) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930-2004.

I gcás go roinneann an Roinn do shonraí pearsanta leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun críocha tras-chomhlíonta maidir le damáiste do shéadchomharthaí ar thalamh feirme, is é an bunús dlí Airteagal 6(1)(e) RGCS agus Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 a luann an méid seo a leanas:

- Airteagal 91 (Prionsabal Ginearálta): *“I gcás nach ndéanann tairbhí dá dtagraítear in Airteagal 92 na rialacha maidir le tras-chomhlíonadh mar a leagtar síos in Airteagal 93 a chomhlíonadh, déanfar pionós riaracháin a fhorchur ar an tairbhí sin.”*

- Airteagal 96 (Seiceálacha ar thras-chomhlíonadh): *“Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as na córais riaracháin agus rialaithe atá acu cheana chun a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha maidir le tras-chomhlíonadh.”*
- Airteagal 117 (Sonraí pearsanta a phróiseáil agus a chosaint):

“1. Baileoidh na Ballstáit agus an Coimisiún sonraí pearsanta chun a n-oibleagáidí bainistithe, rialaithe agus iniúchta faoi seach a chur i ngníomh chomh maith lena n-oibleagáidí faireacháin agus meastóireachta faoin Rialachán seo agus, go háirithe, na hoibleagáidí a leagtar síos i gCaibidil II de Theideal II, i dTeideal III, i gCaibidil III agus i gCaibidil IV de Theideal IV, i dTeideal V agus i dTeideal VI agus i gCaibidil III de Theideal VII agus chun críocha staidrimh freisin agus ní phróiseálfaidh siad na sonraí sin ar bhealach nach mbeadh comhoiriúnach leis an gcríoch sin.

Slándáil do shonraí pearsanta

Cuireann an Roinn bearta teicniúla agus eagraíochta cuí i bhfeidhm chun do chuid eolais a chosaint ó rochtain neamhúdaraithe. In ainneoin na n-iarrachtaí seo, áfach, níl aon bhearta slándála foirfe nó dothreáite, agus ní féidir aon mhodh tarchuir sonraí a ráthú in aghaidh aon idircheapadh nó aon chineál mí-úsáide eile. Sa chás go gcuirtear isteach ar do shonraí pearsanta mar thoradh ar shárú slándála, cuirfear polasaí agus nósanna imeachta Bainistíochta Sáruithe na Roinne i bhfeidhm.

Faighteoirí na sonraí

Roinntear sonraí leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun críocha tras-chomhlíonta maidir le damáiste do shéadchomharthaí ar thalamh feirme.

Is féidir sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna Rialtas, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne, nó comhlachtaí poiblí eile, i gcásanna áirithe a bhforáiltear maidir leis sin leis an dlí.

Is féidir le Sonraí Pearsanta a roinnt le húdaráis iniúla eile, i gcás inarb iomchuí, agus ár bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh againn agus faoi Threoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí (Cuid 5 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018).

Tuilleadh Próiseála ar do Shonraí Pearsanta

Nuair atá sé riachtanach agus comhréireach é a dhéanamh, de réir an Achta um Chosaint Sonraí, 2018, agus an RGCS, is féidir níos mó sonraí pearsanta a iarraidh nó a fháil ó/a chur ar fáil do na hÚdaráis Phoiblí/údaráis inniúla/eagraíochtaí idirnáisiúnta chun na críocha seo a leanas:

- cionta coiriúla a chosc, a bhrath, a fhiosrú nó a ionchúiseamh faoin Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí (Cuid 5 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018).

Aistrithe Sonraí Trasteorann

Ní aistroidh an Roinn sonraí pearsanta a bhailítear maidir le tuairiscí damáiste do shéadchomharthaí taifeadta chuig aon tír nó eagraíocht idirnáisiúnta taobh amuigh den AE/LEE.

Cé chomh fada a choimeádfar do sonraí?

De ghnáth, ní choinneoidh an Roinn do sonraí pearsanta ach chomh fada agus is gá chun na críocha dá mbailítear iad a chomhlíonadh agus aon cheanglais dhlíthiúla, chuntasaíochta nó tuairiscithe a shásamh, lena n-áirítear comhlíonadh an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986, i gcás inarb iomchuí. Is féidir é a choimeád le haghaidh tréimhse níos faide chun críocha taighde eolaíochta nó staire, nó chun críocha staidrimh.

Do chearta

Tá an [Beartas Cosanta Sonraí](#), ag an Roinn, a leagan amach conas a úsáidfimid do sonraí pearsanta, chomh maith le heolas a sholáthar maidir le do chearta mar ábhar sonraí (lena n-áirítear sonraí maidir le ceart rochtana, ceart chun ceartúcháin, ceart chun scriosta, ceart chun próiseáil a shrianadh, ceart agóide), ar fáil ar ár suíomh gréasáin. Tá an beartas ar fáil freisin mar chóip chrua nuair a iarrtar é. Má mheasann tú gur sáraíodh do chearta, tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh le Coimisiún um Chosaint Sonraí (www.dataprotection.ie), agus tá sé de cheart agat leigheas breithiúnach a lorg.

Déan teagmháil linn

Má tá níos mó eolais ag teastáil uait, nó má tá tú ag iarraidh do shonraí pearsanta a fháil, le do thoil déan teagmháil le h**Oifigeach Cosanta Sonraí** na Roinne, tá na sonraí thíos:

Oifigeach Cosanta Sonraí

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil, agus Oidhreacht

Bóthar an Bhaile Nua

Loch Garman

Ríomhphost: data.protection@housing.gov.ie

Dáta: 17 Meitheamh 2022